Feirm Causey i gcúpla focal..

Thógamar an bus ar a naoi a chlog ón scoil. Shroicheamar ar fheirm Causey ar a deich a chlog. Bhácálamar an t-arán. Bhligh muid na ba. Bhíomar ag rith i ndiaidh na muc agus i ndiaidh na gcaorach. Léimeamar isteach sa phortach. Thángamar ar ais chuig an scoil ar a ceathair a chlog.

le Mark, Gavin agus Patrick

The Santa Bear Appeal

Anuraidh, bhí gach dalta páirteach sa Santa Bear Appeal, ba achainí í chun airgead a bhailiú don Chlinic Lárnach Íocshláinteach (Central Remedial Clinic).

Chuamar isteach go lár na cathrach agus tugadh na boscaí airgead dúinn. Chuamar ag siúl tríd an gcathair i mbeirteanna. Bhíomar ag iarraidh na Santa Bears a dhíol agus airgead a bhailiú. Bhí costas €3 ar gach béar.

Fuair Daragh Cushen an méid airgid is mó. Dhíol sé dhá bhosca Santa Bears. Bhí sé cosúil lena mná ar Shráid an Mhúraigh (Moore street).

Bhí an lá go hiontach. Fuaireamar Burger King saor in aisce ag an deireadh. Ach, bhí an déirc níos sásúla!

le Conor Cronin agus Seán Clare

Thugamar cuairt go dtí teach an Ardmhéara ar an Máirt, 9ú lá de mhí Fheabhra. Bhuaileamar leis an Ardmhéara. Labhair sí linn faoi chúrsaí alcóil. Fuaireamar teastas uaithi agus tógadh pictiúr léi. Ina dhiaidh sin, chuamar go dtí an bhialann Milanos i lár na cathrach le haghaidh pizza. Lá den chéad scoth a bhí ann agus is cinnte gur bhain gach duine taitneamh as.

Le James K agus Bobby

Cuairt chuig Kairos Communications Ltd

Shroicheamar stáisiún traenach Uí Chonghaile ag ceathrú tar éis a hocht. Bhí an traein ceaptha a bheith ag fágáil ag a leathuair tar éis a hocht ach ar an drochuair bhí scoláire amháin déanach. Mar gheall ar seo chailleamar ár dtraein. Tarlaíonn na rudaí seo, ár ndóigh, agus thógamar an chéad traein eile agus bhíomar inár séasamh taobh amuigh de stiúideonna Kairos ag a deich a chlog. Bhuailemar le Paul, duine a bhí ag cuidiú linn lenár léiriú. Thug sé na rólanna éagsúla go léir dúinn, mar shampla: léiritheoir, stiúrthóir agus láithreoir. Roinnt daoine a bhí ag obair taobh thiar den phictiúr agus bhí daoine eile ag obair leis an gceamara. Chaitheamar leathuair ag scríobh scripteanna dona háiteanna difriúla agus ansin bhaineamar triail as ár gcéad léiriú. Ní raibh ag éirí go holc linn. Ansin bhí seans againn ár lón a ithe sa cheaintín stiúideo. Ina dhiaidh sin, bhí sé díreach ar ais chuig stiúideo ú nuair a bhaineamar triail as “téic a dó”. Bhí sé níos fearr ná an chéad cheann. Leanamar ar aghaidh le “téic a trí” agus an ceann deireanach. Ghlacamar leis an gceann sin agus sin an ceann a bhí taifeadta. D’éirigh go maith linn i ndáiríre agus bhí gach duine sásta leis. Chríochnaíomar i Kairos thart ar leathuair tar éis a dó agus thógamar an traein ar ais go dtí stáisiún Uí Chonghaile. Lá an-spéisiúil a bhí

ann agus anois tá spéis ag go leor daoine i mbun gairmeacha i scannán i ndiaidh an chúrsa.

Le Conchúr, Niall agus Séamus

An Seó Faisin

Thuas an bóthar, in aice na scoile, tá meánscoil lán-chailíní suite ann darbh ainm Coláiste Dominican. Eagraíonn said tionscadal iontach gach bliain le linn na hIdirbhliana. Chuir said ceolchoirmeacha le chéile ar feadh cúpla bliana ach i mbliana, phleanáil siad seó faisin ollmhór san Helix. Bhí buachaillí ag teastáil uathu ó thaobh mainicíneachta agus rince de. Mar sin, thug siad cuireadh dúinn agus do scoil Naomh Aodhán a bheith páirteach sa seó faisin. Bhíomar go léir neirbhíseach ar an oíche agus bhí gach duine ag seoladh teachtaireachtaí sms ar fud na háite. Ag deireadh an seó, mhol an lucht féachána linn go glórach. An t-aon droch rud amháin faoi ná gur tháinig deireadh ar chúrsaí. I mo thuairim, is é an rud is fearr a tharla riamh san idirbhliain go dtí seo.

le Adam B